Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

7419/16

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0041 (NLE)

COEST 80
ELARG 31

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair ag bunú comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Seice, Phoblacht na Slóivéine, Phoblacht na Slóvaice agus na hUngáire leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

AISTRIÚCHÁN

# PRÓTACAL
# A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA AGUS COMHAIR LENA mBUNAÍTEAR COMHPHÁIRTÍOCHT IDIR NA COMHPHOBAIL EORPACHA AGUS A mBALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS AN TUIRCMÉANASTÁIN, DEN PHÁIRT EILE, CHUN AONTACHAS PHOBLACHT NA BULGÁIRE, PHOBLACHT NA CIPIRE, PHOBLACHT NA CRÓITE, PHOBLACHT NA hEASTÓINE, PHOBLACHT NA LAITVIA, PHOBLACHT NA LIOTUÁINE, PHOBLACHT MHÁLTA, PHOBLACHT NA POLAINNE, NA RÓMÁINE, PHOBLACHT NA SEICE, PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE, PHOBLACHT NA SLÓVAICE AGUS NA hUNGÁIRE LEIS AN AONTAS EORPACH A CHUR SAN ÁIREAMH

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, dá ngairtear na 'Ballstáit' anseo feasta,

agus

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta

agus

AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH,

de pháirt,

agus

AN TUIRCMÉANASTÁIN,

den pháirt eile,

dá ngairtear le chéile 'na Páirtithe Conarthacha' anseo feasta,

DE BHRÍ, an 25 Bealtaine 1998, gur síníodh sa Bhruiséil an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile ('an Comhaontú'),

Agus aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004, agus aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2007, agus aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013 Á gCUR SAN ÁIREAMH,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go bhfuil a n-aontachas leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go bhfuil a n-aontachas leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, go bhfuil a haontachas leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

Tiocfaidh Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cróite, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice chun bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, agus, ar an gcaoi chéanna leis na Ballstáit eile, glacfaidh siad téacsanna an Chomhaontaithe, an Phrótacail agus na nDearbhuithe Comhpháirteacha, atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach, arna síniú ar an dáta céanna leis an gComhaontú agus tabharfaidh siad dá n-aire an Malartú Litreacha agus an Dearbhú atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach sin.

AIRTEAGAL 2

Tar éis an Prótacal seo a shíniú, cuirfidh an tAontas in iúl do na Ballstáit agus don Tuircméanastáin na leaganacha den Chomhaontú sa Bhulgáiris, sa Chróitis, san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, agus san Ungáiris. Faoi réir theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, beidh na leaganacha teanga dá dtagraítear sa chéad abairt ina dtéacs údarásach de réir na gcoinníollacha céanna leis na leaganacha den Chomhaontú sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus sa Tuircméinis.

AIRTEAGAL 3

Is cuid dhílis den Chomhaontú é an Prótacal seo.

AIRTEAGAL 4

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta i gcomhréir le nósanna imeachta na bPáirtithe Conarthacha faoi seach. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile gur cuireadh na nósanna imeachta is gá chun na críche sin i gcrích. Taiscfear na fógraí le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

2. Faoi réir theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis dháta taiscthe an fhógra dheireanaigh.

AIRTEAGAL 5

Tarraingíodh an Prótacal seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus sa Tuircméinis, agus comhúdarás ag gach téacs díobh.

Á FHIANÚ SIN, shínigh na lánchumhachtaigh anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, an Prótacal seo.

THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

THAR CEANN NA mBALLSTÁT

THAR CEANN AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

THAR CEANN NA TUIRCMÉANASTÁINE